Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2023

Irish

Assessment Unit A2 2
(Section A)

assessing

Listening

[AIR21]

MONDAY 12 JUNE, MORNING

TRANSCRIPT

GCE Recording Instructions

Indicates track break

Each piece heard once only

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2023
Irish
Advanced
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1 Bhí lá iontach ag na páistí i Scoil an Droichid i mBéal Feirste ar maidin agus iad ag cur fáilte roimh Lexy. Is madadh teiripe é Lexy atá ag dul a bheith ag obair leis na páistí go ceann bliana. Caithfidh Lexy cúpla seisiún i rith na seachtaine ag obair le páistí ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga. Is léir ón chuairt ar maidin go bhfuil na páistí iontach tugtha do Lexy cheana féin, de réir an phríomhoide.

Tháinig an traenálaí, Gary, leis an mhadadh inniu agus é ag iarraidh Lexy a chur in aithne do na páistí. Dúirt príomhoide na scoile gur éirigh na páistí iontach séimh nuair a bhí siad i gcuideachta Lexy. Dúirt sí go raibh an madadh mar a bheadh bata draíochta ann agus gur chuir sé lúcháir mhór uirthi nuair a chonaic sí na páistí ag súgradh leis an mhadadh. Dúirt an traenálaí, Gary, go raibh Lexy iontach cairdiúil agus breá cleachta leis na páistí. Gheobhaidh na páistí a bhfuil iompar dúshlánach acu agus páistí atá rud beag míshuaimhneach seisiún agus grianghraf le Lexy sa chéad seachtain agus beidh deis ag na páistí uilig seisiún a fháil le Lexy i rith na bliana. Mhínigh an príomhoide go ndeachaigh sí i dteagmháil le heagraíochtaí carthanachta leis an mhaoiniú a fháil do Lexy. D'éirigh léi breis agus cúig mhíle punt a fháil leis an mhadadh a thabhairt chuig an scoil le bheith ag obair leis na páistí.

Source: Arna chóiriú as Meon Eile, Madadh Teiripe ag Scoil an Droichid 27 Deireadh Fómhair 2020.

2 Is minic a thugtar banríon an cheoil Cheiltigh ar Moya Brennan. Thug an clár faisnéise *Moya*, ar TG4 le déanaí, léiriú ar an fháth a dtugtar an t-ainm sin uirthi.

Is deacair a chreidbheáil gur chuir Clannad tús lena n-aistear ceoil breis agus caoga bliain ó shin. Chonacthas a n-aistear ceoil sa chlár ar TG4. Ag tús an chláir chonaic muid Moya ag fáil gradam saoil sa bhliain 2019 ó Ghradaim Cheol Tíre RTÉ. Níos faide anonn sa chlár thaistil Moya siar go Tír Chonaill, a ceantar dúchais féin agus í ag iarraidh aer úr a fháil. Mhínigh Moya go bhfuil uirthi seo a dhéanamh go minic le faoiseamh a fháil ón ghalar scamhóg atá ag cur as di. Deir Moya féin gur mhúnlaigh cultúr, teanga agus traidisiúin Ghaeltacht Thír Chonaill stíl Chlannad. Tagraíonn cuid mhaith de na haoichainteoirí ar an chlár do ghuth neamhshaolta, rúndiamhrach Moya. Is meascán de cheol Ceilteach, cheol tíre, rac-cheol, agus de cheol nua-aoise é ceol Chlannad. Chonaic muid Tábhairne Leo, an teach tábhairne ar le hathair Moya é i nGaeltacht Thír Chonaill agus an áit inar chuir Moya tús lena haistear féin ceoil. Bíonn seisiún ceoil ag Moya sa teach tábhairne go fóill agus cuirtear an Ghaeilge chun cinn i gcónaí. Is amhrán le liricí Gaeilge, *Theme from Harry's Game*, an saothar is cáiliúla de chuid Clannad. Chonacthas Clannad ag ceol ar *Top of the Pops*. D'éirigh go hiontach le stiúrthóir an chláir Brian Reddin léargas iomlán a thabhairt don lucht féachana. Ní raibh drogall ar lucht déanta an chláir ná ar Moya féin labhairt faoi na fadhbanna pearsanta a bhí aici.

Admhaíonn sí nár éirigh lena céad phósadh agus labhraíonn sí go hionraic faoi na fadhbanna dí agus drugaí a bhí aici. Insíonn sí dúinn gur thosaigh a saol a éirí níos fearr nuair a d'fhill sí ar an chreideamh. Clár taitneamhach a bhí ann a thug cuntas ar bhanna agus ar amhránaí ar leith.

Source: Muintir Ghaoth Dobhair ar Top of the Pops i gclár taitneamhach faoi amhránaí ar leith by Breandán M Mac Gearailt. 02 January 2021. © Tuairisc

This is the end of the recording.